CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2520 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Nollaig 2022

i ndáil leis na socruithe sonracha maidir le próiseas aistrithe agus glactha freagrachta chóras e-CODEX

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair sibhialta agus coiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1), pointe (c), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is gá na socruithe mionsonraithe a bhunú le haghaidh an phróisis aistrithe agus glactha freagrachta le haghaidh aistriú an chórais e-CODEX ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX chuig eu-LISA.

(2) Ba cheart a chur san áireamh sna socruithe sin na critéir maidir le próiseas rathúil aistrithe agus glactha freagrachta agus maidir le cur i gcrích rathúil an phróisis sin agus doiciméadacht ghaolmhar.

(3) Le socruithe mionsonraithe aistrithe, ba cheart forálacha a bhunú freisin maidir le cearta maoine intleachtúla nó cearta úsáide a bhaineann leis an gcóras e-CODEX agus a tháirgí bogearraí tacaíochta, a dhoiciméadacht agus a shócmhainní eile ba cheart a leagan síos sa doiciméad aistrithe coiteann chun a chur ar chumas eu-LISA a fhreagrachtaí agus a chúraimí a chomhlíonadh.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá in iarscríbhinn a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ní raibh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh Rialachán (AE) 2022/850 agus, dá bhrí sin, níl sí faoi cheangal ná faoi réir chur i bhfeidhm an Chinnidh sin.

(5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, ní raibh Éire rannpháirteach i nglacadh Rialachán (AE) 2022/850 agus, dá bhrí sin, níl sí faoi cheangal ná faoi réir chur i bhfeidhm an Chinnidh sin.

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus thug sé tuairim uaidh an 24 Samhain 2022.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste a bunaíodh le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2022/850,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a bheidh na socruithe mionsonraithe le haghaidh phróiseas aistrithe agus glactha freagrachta an chórais e-CODEX dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2022/850.

([1]) IO L 150, 1.6.2022, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Airteagal 2

Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a bheidh na critéir maidir le próiseas rathúil aistrithe agus glactha freagrachta agus maidir le cur i gcrích rathúil an phróisis sin agus an doiciméadacht ghaolmhar, dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2022/850.

Airteagal 3

Na forálacha maidir le cearta maoine intleachtúla nó cearta úsáide a bhaineann leis an gcóras e-CODEX atá le cur san áireamh sa doiciméad aistrithe coiteann, beidh siad mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Socruithe sonracha maidir le próiseas aistrithe agus glactha freagrachta an chórais e-CODEX

1. RÉAMHRÁ

Beidh próiseas aistrithe agus glactha freagrachta ann idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA. Go dtí go ndéanfar an t-aistriú, is é an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX a bheidh fós freagrach go hiomlán as agus tá air áirithiú nach ndéanfar aon athrú ar an gcóras e-CODEX agus nach seachadfar aon leagan nua de na bogearraí ach amháin chun cothabháil cheartaitheach a dhéanamh ar an gcóras e-CODEX.

Tá sé de chuspóir ag na socruithe sonracha sin an méid seo a leanas a shonrú:

— na socruithe mionsonraithe maidir leis an gcóras e-CODEX a aistriú chuig eu-LISA,

— na critéir maidir le próiseas rathúil aistrithe agus glactha freagrachta agus maidir le cur i gcrích rathúil an phróisis sin agus doiciméadacht ghaolmhar,

— forálacha maidir le cearta maoine intleachtúla nó cearta úsáide a bhaineann leis an gcóras e-CODEX agus na táirgí bogearraí tacaíochta, doiciméadacht agus na sócmhainní eile (a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1])).

Ar bhonn na socruithe sonracha le haghaidh phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta a leagtar amach san Iarscríbhinn seo, déanfaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX, i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2022/850, doiciméad aistrithe comhchoiteann a chur faoi bhráid eu-LISA faoin 31 Nollaig 2022. Tá teimpléad don doiciméad aistrithe comhchoiteann sin san fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

Tá an Coimisiún le faireachán a dhéanamh ar phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta chun a áirithiú go ndéanfar na socruithe mionsonraithe maidir le haistriú an chórais e-CODEX a chur chun feidhme i gceart.

De réir Airteagal 10(4) de Rialachán (AE) 2022/850, tá eu-LISA le freagracht as an gcóras e-CODEX a ghlacadh air féin ar an dáta a dhearbhóidh an Coimisiún go bhfuil próiseas an aistrithe agus an glactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil, idir an 1 Iúil 2023 agus an 31 Nollaig 2023, tar éis dó dul i gcomhairle leis an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA.

2. NA PRÍOMH-GHARSPRIOCANNA

(a) Dáta seachadta an doiciméid aistrithe chomhchoitinn: faoin 31 Nollaig 2022;

(b) Próiseas aistrithe agus glactha freagrachta: Laistigh den tréimhse 6 mhí tar éis sheachadadh an doiciméid aistrithe chomhchoitinn;

(c) Tá cruinniú tosaithe phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta le bheith ann i mí Eanáir 2023, tá an dáta áirithe a bheidh sé ar siúl le comhaontú idir eu-LISA, an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus an Coimisiún;

(d) Freagracht a aistriú chuig eu-LISA: 31 Nollaig 2023 ar a dhéanaí, ach tráth nach luaithe ná 1 Iúil 2023.

3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ AISTRITHE AGUS GLACTHA FREAGRACHTA:

Is é an rud lena gcuirtear tús leis an bpróiseas aistrithe agus glactha freagrachta an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX an doiciméad aistrithe comhchoiteann a chur faoi bhráid eu-LISA. Tá eu-LISA lena sheiceáil agus lena dheimhniú go bhfuil an fhaisnéis ábhartha uile san áireamh sa doiciméad aistrithe comhchoiteann chun aistriú rathúil a áirithiú. Áireofar sa doiciméad aistrithe comhchoiteann sin faisnéis mhionsonraithe maidir leis na nithe seo a leanas, ar a laghad:

(a) pleanáil na ngníomhaíochtaí uile atá le déanamh mar a shonraítear san Iarscríbhinn seo, lena n-áirítear cruinnithe sioncrónaithe, oiliúint, tástáil, etc.;

([1]) Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 150, 1.6.2022, lch. 1).

(b) na sócmhainní agus na déantáin go léir atá le tabhairt ar láimh ag tús na tréimhse aistrithe agus ag deireadh na tréimhse (aistriú tosaigh sócmhainní agus aistriú deiridh sócmhainní). Tá an sainmhíniú ar "aistriú tosaigh sócmhainní" agus "aistriú deiridh sócmhainní"2 le fáil san fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo;

(c) gach oiliúint, ceardlann, seisiún faisnéise agus scáthaithe a dhéanfar a sceidealú;

(d) nósanna imeachta oibre uile an eintitis a bhainistíonn an córas e-CODEX atá i bhfeidhm. Ar fhaitíos nach ndéanfaí na nósanna imeachta sin a dhoiciméadú, déanfar iad a shainaithint go soiléir, a dhoiciméadú agus a thabhairt ar láimh do eu-LISA;

(e) sonraí teagmhála na bpáirtithe uile atá rannpháirteach le linn thréimhse iomlán na ngníomhaíochtaí aistrithe agus glactha freagrachta, mar aon le maitrís de na róil agus na freagrachtaí;

(f) critéir ratha atá soiléir, infhíoraithe agus oibiachtúil chun measúnú a dhéanamh ar phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta;

(g) sonraíochtaí tástála chun feidhmiú ceart phróiseas an ghlactha freagrachta a mheasúnú;

(h) forálacha maidir le cearta maoine intleachtúla nó cearta úsáide a bhaineann leis an gcóras e-CODEX agus na táirgí bogearraí tacaíochta, an doiciméadacht tacaíochta agus na sócmhainní eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/850, lena gcuirtear ar chumas eu-LISA a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/850.

Tá sé de chuspóir ag an doiciméad aistrithe comhchoiteann uirlis a chur ar fáil le haghaidh aistriú trédhearcach, rianúil, iomlán na seirbhísí TF ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX chuig eu-LISA, faoi fhaireachán an Choimisiúin.

Tá sé le cur síos a dhéanamh ar gach modh atá le cur i bhfeidhm ag eu-LISA agus ag an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX chun an t-aistriú rianúil sin a áirithiú.

Tá sampla de struchtúr an doiciméid sin san fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Féadfar é a oiriúnú de réir mar is gá, ar choinníoll go mbeidh faisnéis mhionsonraithe ann maidir leis na hítimí a liostaítear sa roinn seo.

An t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA araon, cuirfidh siad tuarascálacha aistrithe agus glactha freagrachta le chéile, faoi seach, maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí a rinneadh faoin 30 Meitheamh 2023 chun go mbeidh an Coimisiún Eorpach in ann an t-eolas is déanaí a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin 31 Iúil 2023 maidir le próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta (féach pointí 5 agus 6 den Iarscríbhinn seo).

Formáid agus modhanna aistrithe (e.g. spás coiteann comhair amhail an "Tacaíocht Bhunúsach le haghaidh Obair Chomhoibritheach" a bhí ann roimhe seo, Lárionad Acmhainní Cumarsáide agus Faisnéise d'Údaráis Riaracháin, do Ghnólachtaí agus do Shaoránaigh - CIRCABC, rochtain ar stórtha reatha, etc.) gach déantáin, tá siad le comhaontú go frithpháirteach idir eu-LISA agus an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX, agus an sprioc-chóras a bhfuiltear le húsáid a bhaint as i dtimpeallacht eu-LISA á chur san áireamh.

Tabharfar aghaidh ar na ceanglais bhonneagair agus slándála le haghaidh gach sócmhainne i ndoiciméadacht na comhpháirte ábhartha agus/nó an mháistir-ranga dá dtagraítear.

Cuirtear liosta neamh-uileghabhálach de chomhpháirteanna an chórais e-CODEX, na táirgí bogearraí tacaíochta, an doiciméadacht tacaíochta agus sócmhainní eile i láthair sa tábla seo a leanas.

Tábla achomair de na comhpháirteanna, na déantáin agus na gníomhaíochtaí tacaíochta aistrithe:

	Comhpháirt	Déantáin	Tacaíocht aistrithe
Míreanna le forbairt agus le hoibriú	Uirlis Bainistíochta Cumraíochta	Cód Foinseach Bunachar Sonraí Cumraíochta agus Doiciméadacht pModes Dumpáil bunachar sonraí ag na céimeanna aistrithe tosaigh agus deiridh.	Doiciméadacht Máistir-rang um an “Uirlis Bainistíochta Cumraíochta” Forbairt agus cothabháil, suiteáil, cumraíocht, oibriú agus fabhtcheartú
	Ardán Lárnach Tástála	Cód foinseach Doiciméadacht Dumpáil bunachar sonraí ag na céimeanna aistrithe tosaigh agus deiridh.	Doiciméadacht Máistir-rang um an “Ardán Lárnach Tástála” Forbairt agus cothabháil, suiteáil, cumraíocht, oibriú agus fabhtcheartú
	Freastalaí Stóir (faoi láthair: Nexus)	Stórtha	Máistir-rang um “fhorbairt agus bonneagar”
	Freastalaí Lánpháirtíochta (faoi láthair: Jenkins)	Míreanna Lánpháirtíoctha	
	Stór an Chóid Fhoinsigh (faoi láthair: Gitblit)	Cód foinseach	
	Suíomh Gréasáin e-CODEX	Ábhair Shuíomh Gréasáin e-CODEX	Máistir-rang um “Fhorbhreathnú ar e-CODEX”
Míreanna atá le forbairt agus le cur i gcrích	Ailtireacht e-CODEX	Suíomh Gréasáin e-CODEX Doiciméadacht	Doiciméadacht Máistir-rang um “Fhorbhreathnú ar e-CODEX”
	Feidhmchlár Cónascaire	I gcás gach comhpháirte (Cónascaire, Cliant, Breiseán, Leabharlann Slándála, Fóntais, etc.): Cód foinseach Doiciméadacht	Doiciméadacht Máistir-rang um an “gCónascaire”
	Scéimeanna Cásanna Úsáide: — Ordú Íocaíochta Eorpach — Éilimh Bheaga — Barántas Gabhála Eorpach — Pionóis Airgeadais — Cúnamh Frithpháirteach Dlí — FD 909 (Pianbhreitheanna Coimeádta) — Ábhair maidir le Pósadh — Ordú Eorpach um Chaomhnú Cuntas — Clár na nUachtanna — Seirbheáil Doiciméad	Scéimeanna Samhaltú ar Phróiseas Gnólachta Stór Focal lárnach r-Cheartais an Aontais (Deonófar rochtain tríd an uirlis “Metadata Workbench”)	Doiciméadacht Máistir-rang um “Scéimeanna”
Míreanna Eile	Ticéid e-CODEX	Gach ticéad lena n-áirítear gach stádas (chun críocha bainistithe eolais)	Máistir-rang um an “gCónascaire” Dumpáil bunachar sonraí leis na sonraí go léir
	Treochlár Fheidhmchlár Cónascaire e-CODEX	Suíomh Gréasáin e-CODEX	Máistir-rang um an “gCónascaire”
	Ceanglais Slándála e-CODEX	Doiciméad	Máistir-rang um an “gCónascaire”

4. GNÍOMHAÍOCHTAÍ

(a) Gníomhaíochtaí Oiliúna

Tá an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX le liosta modúl oiliúna a ullmhú chun an t-aistriú eolais iomlán chuig eu-LISA a áirithiú.

Déanfar ábhair oiliúna agus riachtanais phleanála a shainiú agus a chomhaontú idir na gníomhaithe rannpháirteacha uile i gcás gach modúil oiliúna agus máistir-ranga. Go háirithe, má mheasann eu-LISA go bhfuil gá leo, beidh cead aige modúil oiliúna agus máistir-ranganna breise a iarraidh agus a fháil.

Tá pleanáil agus sceidealú sonrach na seisiún oiliúna, praiticiúil agus scáthaithe (i gcás inar féidir le foireann eu-LISA foghlaim trí bhreathnú ar fhoireann theicniúil an eintitis a bhainistíonn an córas e-CODEX) le sonrú sa doiciméad aistrithe comhchoiteann.

Áirítear sa tábla seo a leanas liosta íosta neamh-uileghabhálach d'oiliúintí atá le soláthar:

Teideal	Ábhar an Mhodúil	Cineál doic
Ábhair Oiliúna Modúl 1: Máistir-rang um fhorbhreathnú e-CODEX	Le linn an chéad Mháistir-ranga seo gheobhaidh na rannpháirtithe forbhreathnú ginearálta ar a bhfuil i gceist le e-CODEX, lena n-áirítear forbhreathnú ar ailtireacht bhunúsach e-CODEX, prionsabail ghinearálta e-CODEX agus forbhreathnú gearr stairiúil ar an gcaoi ar tháinig e-CODEX ar an bhfód. Tá an modúl seo bunaithe go príomha ar fhíricí teoiriciúla.	Cur i láthair PPT agus ábhair shiollabais e-CODEX
Ábhair Oiliúna Mhodúl 2: Máistir-rang um an gcónascaire	Le linn an mháistir-ranga seo gheobhaidh na rannpháirtithe míniú cuimsitheach ar an bhFeidhmchlár Cónascaire agus ar na táirgí/comhpháirteanna éagsúla a bhaineann leis, lena n-áirítear an gaol leis an tairseach. Is éard atá sa mhodúl seo cuid theoiriciúil, seisiún/seisiúin oiliúna phraiticiúla agus scáthaithe roghnacha, lena n-áirítear suiteáil, fabhtcheartú agus tacaíocht theicniúil.	Cur i láthair PPT agus ábhair shiollabais e-CODEX
Ábhair Oiliúna Mhodúl 3: Máistir-rang um Scéimeanna	Le linn an Mháistir-ranga seo rachaidh na rannpháirtithe i dtaithí ar na scéimeanna sonraí a d'fhorbair an t-eintiteas a bhainistíonn córas e-CODEX. Díreofar freisin ar Metadata Workbench ina bhfuil Stór Focal Lárnach r-Cheartais an Aontais á riar agus ar theicníc an tsamhaltaithe próiseas gnó. Is éard atá sa mhodúl seo cuid theoiriciúil, seisiún/seisiúin oiliúna phraiticiúla agus scáthaithe roghnacha.	Cur i láthair PPT agus ábhair shiollabais e-CODEX
Ábhair Oiliúna Mhodúl 4: Máistir-rang na hUirlise Bainistíochta Cumraíochta	Le linn an Mháistir-ranga seo gheobhaidh na rannpháirtithe eolas ar ghnéithe agus ar phróisis na hUirlise Bainistíochta Cumraíochta. Is uirlis ar líne í an Uirlis Bainistíochta Cumraíochta chun bainistiú a dhéanamh ar bhailiú sonraí rannpháirtithe agus ar dháileadh comhad cumraíochta e-CODEX. Is éard atá sa mhodúl seo cuid theoiriciúil, seisiún/seisiúin oiliúna phraiticiúla agus scáthaithe roghnacha.	Cur i láthair PPT agus ábhair shiollabais e-CODEX

Teideal	Ábhar an Mhodúil	Cineál doic
Ábhair Oiliúna Mhodúl 5: Máistir-rang an Ardáin Lárnaigh Tástála	Le linn an Mháistir-ranga seo gheobhaidh na rannpháirtithe eolas ar ghnéithe agus ar phróisis an Ardáin Lárnaigh Tástála agus ar an straitéis tástála. Soláthraíonn an tArdán Tástála Lárnach timpeallacht tástála iomlán e-CODEX agus comhéadan gréasáin chun teachtaireachtaí tástála inoiriúnaithe a sheoladh agus a fháil. Is éard atá sa mhodúl seo cuid theoiriciúil, seisiún/seisiúin oiliúna phraiticiúla agus scáthaithe roghnacha.	Cur i láthair PPT agus ábhair shiollabais e-CODEX
Ábhair Oiliúna Mhodúl 6: Máistir-rang um fhorbairt agus bonneagar	Le linn an Mháistir-ranga seo, déanfaidh na rannpháirtithe tuilleadh plé ar ábhair a bhaineann le forbairt agus bonneagar, mar shampla bainistiú freastalaí stóir. Is éard atá sa mhodúl seo cuid theoiriciúil, seisiún/seisiúin oiliúna phraiticiúla agus scáthaithe roghnacha.	Cur i láthair PPT agus ábhair shiollabais e-CODEX
Ábhair Oiliúna Mhodúl 7: Máistir-rang um dhífhabhtú	Le linn an mháistir-ranga seo, foghlaimeoidh na rannpháirtithe faoi bhrath agus ceartú na bhfabhtanna córais e-CODEX a d'fhéadfadh a bheith ann agus réiteach fadhbanna, lena n-áirítear iarrataí tacaíochta a réiteach. Is éard atá sa mhodúl seo cuid theoiriciúil, seisiún/seisiúin oiliúna phraiticiúla agus scáthaithe roghnacha.	Cur i láthair PPT agus ábhair shiollabais e-CODEX

(b) Trédhearcacht phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta

Tá próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta le bheith trédhearcach do na húsáideoirí deiridh, rud a íoslaghdóidh an tionchar a imreofar ar a gcuid nósanna imeachta oibre agus a gcuid gníomhaíochtaí laethúla. An t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX, áiritheoidh sé go gcuirfear tacaíocht theicniúil ar fáil do na heintitis a oibríonn agus a shuiteálann pointí rochtana údaraithe e-CODEX agus leanfaidh sé de sin a dhéanamh go dtí go nglacfaidh eu-LISA freagracht as an gcóras e-CODEX.

(c) Freagracht eu-LISA agus an eintitis a bhainistíonn an córas e-CODEX le linn phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta

I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2022/850, go dtí go ndéanfar an t-aistriú, beidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX fós freagrach go hiomlán as agus áiritheoidh sé nach ndéanfar aon athrú ar an gcóras e-CODEX agus nach seachadfar aon leagan nua de na bogearraí ach amháin chun cothabháil cheartaitheach a dhéanamh ar an gcóras e-CODEX.

Chun na críche sin, leanfaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX de chothabháil comhpháirteanna agus tacaíocht a sholáthar le linn na tréimhse sin.

I gcás na n-iarrataí tacaíochta uile, is é an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX a bheidh ina phointe teagmhála aonair go dtí go nglacfaidh eu-LISA freagracht as an gcóras e-CODEX.

Na hiarrataí ar thacaíocht a gheobhaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX sula nglacfaidh eu-LISA freagracht as an gcóras e-CODEX, féadfaidh eu-LISA a iarraidh go gcuirfear iad in iúl do phearsanra ainmnithe ag eu-LISA a mbeidh cead acu na céimeanna réitigh a rinne an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX a leanúint.

Tá an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX leis na hiarrataí tacaíochta uile a gheofar a réiteach sula nglacfaidh eu-LISA freagracht as an gcóras e-CODEX. An t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX, ní fhéadfaidh sé teacht ar chomhaontú le eu-LISA maidir le haistriú iarrataí tacaíochta a bheidh faighte aige, ach nach féidir a réiteach faoin am a aistreofar freagracht as an gcóras e-CODEX chuig eu-LISA, ní fhéadfaidh sé sin a dhéanamh ach amháin i gcás ina mbeidh údar cuí leis ar chúiseanna teicniúla oibiachtúla. An t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX, ní mór dó a áirithiú nach mbeidh aon tionchar ag comhaontú den sórt sin ar an úsáideoir deiridh agus nach mbeidh aon mhoill ann maidir leis an iarraidh ar thacaíocht a réiteach. Déanfar an comhaontú sin a chur ar bhonn foirmiúil faoi chritéar ratha uimhir 6 faoi phointe 5 den Iarscríbhinn seo.

Tá an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX le liosta uileghabhálach d'úsáideoirí an chórais e-CODEX a sholáthar do eu-LISA, agus tá eu-LISA le fógra a thabhairt do na húsáideoirí sin go bhfuil freagracht glactha aige as an gcóras e-CODEX laistigh de 30 lá tar éis don ghlacadh freagrachta sin tarlú.

Tá an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX le tacú le eu-LISA agus cúnamh a thabhairt dó de réir mar is gá go dtí an 31 Márta 2024.

I gcás gach comhpháirte, d'fhéadfadh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX liosta forbairtí a mholadh a bheadh le déanamh i ndáil le riachtanais úsáideoirí.

5. CRITÉIR MAIDIR LE PRÓISEAS AISTRITHE RATHÚIL

	Critéir	Táscaire faireacháin	Modhanna fíoraithe	Sprioc-am
1	Aistriú eolais ar chomhpháirteanna éagsúla an chórais e-CODEX	Na seisiún oiliúna go léir a bheith tionólta.	Foirmeacha clárúcháin a bheith líonta isteach agus ábhair oiliúna a bheith seachadta chuig eu-LISA	Faoin 1 Iúil 2023
2	Aistriú comhpháirteanna uile an chórais e-CODEX	Gach sócmhainn a bheith seachadta agus curtha i gcrích	Aitheantas sainráite ó eu-LISA	Faoin 1 Iúil 2023
3	Cobhsaíocht theicniúil an chórais e-CODEX (gach comhpháirt)	An dá leagan is déanaí arna dtáirgeadh ag an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX.	Leagan cobhsaí den chóras e-CODEX, rud a chiallaíonn pacáiste is féidir a úsáid i dtáirgeadh agus lena n-áirithítear sláine na malartuithe uile a dhéantar ar an leagan seo.	Faoin 31 Nollaig 2022
4	Acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh laistigh de eu-LISA	Comhdhéanamh na foirne e-CODEX (lena n-áirítear na teicneoirí atá le hoiliúint) de réir mar a chuirfidh eu-LISA in iúl don Choimisiún agus don eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX.	Fógra ó eu-LISA chuig an gCoimisiún agus chuig an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX	Faoin 1 Eanáir 2023
5	Cearta maoine intleachtúla agus úsáide a aistriú	An córas e-CODEX agus na táirgí bogearraí tacaíochta, an doiciméadacht tacaíochta agus na sócmhainní eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/850, iad sin a bheith aistrithe i dteannta leis na cearta maoine intleachtúla agus na cearta úsáide uile.	1. Ráiteas uileghabhálach ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX maidir le cearta maoine intleachtúla agus úsáide i dtaca le gach comhpháirt den chóras e-CODEX agus na táirgí bogearraí tacaíochta, an doiciméadacht tacaíochta agus na sócmhainní eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/850. 2. Dearbhú ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX go bhfuil sé féin agus a chomhaltaí in ann na cearta maoine intleachtúla agus na cearta úsáide uile a luaitear i mír 1 a aistriú go dleathach chuig eu-LISA ar bhealach a chuirfidh ar chumas eu-LISA a fhreagrachtaí a chur i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/850.	Faoi dháta na hiarrata comhpháirtí ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus ó eu-LISA ar an gCoimisiún lena dhearbhú go bhfuil próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil

	Critéir	Táscaire faireacháin	Modhanna fíoraithe	Sprioc-am
			3. Dearbhú ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX maidir le haistriú iomlán agus saor in aisce na gceart maoine intleachtúla agus na gceart úsáide uile a luaitear i mír 1 chuig eu-LISA.	
6	Réiteach na n-iarrataí uile ar thacaíocht a gheobhaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX sula nglacfaidh eu-LISA freagracht as an gcóras e-CODEX.	Gach iarraidh ar thacaíocht a gheobhaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX sula nglacfaidh eu-LISA freagracht as an gcóras sin, na hiarrataí sin a bheith dúnta, nó an comhaontú go nglacfaidh eu-LISA iad ar láimh a bheith aitheanta ag eu-LISA	1. Liosta d'iarrataí tacaíochta oscailte ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX. 2. Comhaontú idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA chun iad a ghlacadh ar láimh, agus ráiteas sainráite ann ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX nach bhfuil aon tionchar ag an gcomhaontú ar an úsáideoir deiridh agus nach bhfuil aon mhoill ann maidir leis an iarraidh ar thacaíocht a réiteach.	Faoi dháta na hiarrata comhpháirtí ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus ó eu-LISA ar an gCoimisiún le dearbhú go bhfuil próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil
7	Comhaontú idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA maidir le cur i gcrích rathúil phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta.	Comhaontú idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA maidir le comhlíonadh na gcritéar le haghaidh próiseas aistrithe rathúil agus chun an próiseas sin a chur i gcrích go rathúil	Iarraidh comhpháirteach ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus ó eu-LISA ar an gCoimisiún le dearbhú go bhfuil próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil	Idir an 1 Iúil agus an 31 Nollaig 2023

6. CRITÉIR MAIDIR LE PRÓISEAS GLACTHA FREAGRACHTA RATHÚIL

I gcás gach déantáin agus gach sócmhainne aistrithe, tá sé de chuspóir ag próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta a áirithiú go nglacfaidh eu-LISA an córas e-CODEX, an t-eolas gnó, an t-eolas teicniúil, agus na dea-chleachtais agus na teicnící a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthraíonn an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX, go nglacfaidh sé na nithe sin ar láimh i gceart, tar éis próiseas tástála a chur i gcrích.

Is éard a bheidh i gceist le raon feidhme an phróisis tástála cásanna tástála a chur i bhfeidhm, ar cásanna tástála iad a ullmhófar chun a chruthú go bhfuair eu-LISA an t-eolas gnó agus go bhfuil sé ullamh do na gníomhaíochtaí a bheartaítear a ghlacadh ar láimh. Ní mór don eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX na sonraíochtaí tástála a sholáthar.

I gcás ina dteipfidh ar chur i bhfeidhm na tástála, cinnfear an leibhéal tionchair mar seo a leanas:

Leibhéal tionchair	Éifeacht ar an tseirbhís
1	Ní féidir an tseirbhís a dhéanamh
2	Ní féidir an tseirbhís chomhfhreagrach/na seirbhísí comhfhreagracha a dhéanamh i gceart agus ní féidir dul timpeall ar an bhfadhb.
3	Miontionchar ar sheirbhís chomhfhreagrach nó ar sheirbhísí comhfhreagracha.

Cumhdófar leis na cásanna tástála próisis shonracha is infheidhme maidir leis na sócmhainní a ghlactar ar láimh. Ní mór cásanna tástála a ghrúpáil de réir an phríomhphróisis; is éard atá i gceist le cur i gcrích na gcásanna tástála go léir a bhaineann le príomhphróiseas stádas ullmhachta eu-LISA a chruthú.

Tiocfaidh deireadh leis an tástáil nuair a chomhlíonfar na critéir ratha seo a leanas:

(a) Níl aon fhabht ar leibhéal tionchair 1 ann. Má thagann fabht ar leibhéal tionchair 1 aníos:

(i) Ní mór an tástáil a chur ar fionraí;

(ii) Ní mór an fabht a réiteach;

(iii) Ní mór an cás tástála ar theip air agus aon chás gaolmhar a athdhéanamh go dtí go gceartófar an fabht;

(iv) Ní mór an tástáil a chur i gcrích go rathúil;

(b) Níl aon fhabht ar leibhéal tionchair 2 oscailte;

(c) Níl fabhtanna ar leibhéal tionchair 3 ann ach i gcás 10 % ar a mhéad de na cásanna tástála.

Chuige sin, ní mór na critéir seo a leanas ar a laghad a shásamh agus a gcomhlíonadh a bheith léirithe ag eu-LISA faoi na sprioc-amanna a leagtar síos sa tábla seo a leanas:

	Critéar	Táscaire faireacháin	Modhanna fíoraithe	Sprioc-am
1	Aistriú eolais ar chomhpháirteanna éagsúla an chórais e-CODEX	Páirt a bheith glactha ag eu-LISA sna seisiúin oiliúna uile a tionóladh	eu-LISA é a aithint	Faoin 1 Iúil 2023
2	Aistriú comhpháirteanna uile an chórais e-CODEX	Gach foinse a bheith faighte agus na doiciméid a bheith líonta isteach go hiomlán	eu-LISA é a aithint	Faoin 1 Iúil 2023
3	Acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh laistigh de eu-LISA	1. Foireann tionscadail e-CODEX a bheith earcaithe faoin 1 Eanáir 2023. 2. Bainisteoir an tionscadail a ainmniú 3. Na dteicneoirí a bhfuil oiliúint le cur orthu a aithint	eu-LISA é a aithint	Faoin 1 Eanáir 2023
4	Grúpa Comhairleach e-CODEX a bhunú	An Grúpa Comhairleach a bheith bunaithe agus cruinnithe a bheith tionólta le linn phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta gach ré mí ar a laghad, de bhun Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2022/850.	1. Dearbhú ó eu-LISA maidir le bunú agus comhdhéanamh Ghrúpa Comhairleach e-CODEX agus miontuairiscí ón gcéad chruinniú dá chuid. 2. Miontuairiscí ó na chéad trí chruinniú de Ghrúpa Comhairleach e-CODEX.	Maidir le mír 1: faoin 28 Feabhra 2023; Maidir le mír 2: faoin 30 Meitheamh 2023
5	Bord Bainistíochta an Chláir e-CODEX a bhunú	Bord Bainistíochta an Chláir e-CODEX a bheith bunaithe, agus cruinnithe le linn an aistrithe agus an glactha freagrachta de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2022/850	1. Dearbhú ó eu-LISA maidir le bunú agus comhdhéanamh Bhord Bainistíochta an Chláir e-CODEX. 2. Miontuairiscí ó chruinnithe bhord bainistíochta an Chláir e-CODEX le linn phróiseas an aistrithe/an ghlactha freagrachta.	Maidir le mír 1: faoin 1 Eanáir 2023; Maidir le mír 2: faoin 30 Meitheamh 2023

6	Aistriú Sonraí	Na sonraí ábhartha uile, lena n-áirítear ticéid, dintiúir úsáideora, etc., ach gan bheith teoranta dóibh sin, a bheith aistrithe chuig eu-LISA i bhfoirm dumpáil bunachair sonraí nó in aon fhormáid a comhaontaíodh idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA.	é a bheith aitheanta ag eu-LISA	Faoin 1 Iúil 2023
7	Aistriú Stair na saincheisteanna go léir	I bhfoirm dumpáil bunachair sonraí nó aon fhormáid eile a comhaontaíodh idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA.	é a bheith aitheanta eu-LISA	Faoin 1 Iúil 2023
8	Aistriú saincheisteanna nach bhfuil réitithe	I bhfoirm dumpáil bunachair sonraí nó aon fhormáid eile a comhaontaíodh idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA.	é a bheith aitheanta eu-LISA	Faoi dháta na hiarrata comhpháirtí ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus ó eu-LISA ar an gCoimisiún lena dearbhú go bhfuil próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil
9	Aistriú bainistíochta úsáideoirí, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh (rochtain ar Uirlis Bainistíochta Cumraíochta, an tArdán Tástála Lárnach…)	I bhfoirm dumpáil bunachair sonraí nó aon fhormáid eile a comhaontaíodh idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA.	Na dintiúir a chuirtear in iúl, a allmhairítear i mbonneagar eu-LISA agus rochtain ar na comhpháirteanna éagsúla a bheith fíoraithe ag roinnt úsáideoirí deiridh.	Faoin 1 Iúil 2023
10	Glacadh freagrachta as gníomhaíochtaí na deisce cabhraí — Próisis na deisce cabhraí — Bainistiú Teagmhas — Tacaíocht Theicniúil — Iarraidh ar Sheirbhís	An próiseas a bheith tuigthe agus nósanna imeachta oibre a bheith curtha i bhfeidhm ionas go leanfaidh fhoireann glactha freagrachta dá dtascanna laethúla a dhéanamh.	An uirlis ticéadaithe a bheith ar fáil, rochtain a bheith uirthi agus gach ticéad a bheith aistrithe chuig uirlis eu-LISA (bosca ríomhphoist feidhmiúil más ann dó, teimpléid tacaíochta, bonn eolais tacaíochta etc.).	Faoi dháta na hiarrata comhpháirtí ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus ó eu-LISA ar an gCoimisiún lena dearbhú go bhfuil próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil
11	Dintiúir um rochtain ar an bhfeidhmchláir	Liostaí úsáideoirí agus dintiúir ábhartha a bheith aistrithe chuig eu-LISA agus bearta slándála agus moltaí maidir leis an gcineál sin sonraí á gcur san áireamh.	A ndintiúir agus a bhfaisnéis maidir le nascadh a bheith faighte ag úsáideoirí.	Faoin 1 Iúil 2023

12	Glacadh freagrachta as gníomhaíochtaí tosaithe	Riaráiste, pleanáil agus aon doiciméadacht ábhartha nó aon Iarratas ar Athrú nó ticéid;	Gníomhaíochtaí imscartha a bheith sainaitheanta go soiléir agus maidir le cinn atá ar oscailt, é a bheith beartaithe iad cur i gcrích	Faoin 1 Iúil 2023
13	Glacadh freagrachta as gníomhaíochtaí forbartha	Riaráiste, pleanáil agus aon doiciméadacht ábhartha nó Iarratas ar Athrú nó ticéid ghaolmhara;	Gníomhaíochtaí forbartha a bheith sainaitheanta go soiléir agus maidir le cinn atá ar oscailt, é a bheith beartaithe iad cur i gcrích	Faoin 1 Iúil 2023
14	Glacadh freagrachta as gníomhaíochtaí tástála	Riaráiste, pleanáil agus aon doiciméadacht ábhartha nó Iarratas ar Athrú nó ticéid ghaolmhara;	Gníomhaíochtaí tástála a bheith sainaitheanta go soiléir agus maidir le cinn atá ar oscailt, é a bheith beartaithe iad cur i gcrích	Faoin 1 Iúil 2023
15	Glacadh Freagrachta as na Gníomhaíochtaí Bainistithe Athraithe agus Scaoilte	Riaráiste, pleanáil agus aon Iarratas ar Athrú nó doiciméadacht ábhartha;	Gach Iarratas ar Athrú atá ar oscailt agus gach plean scaoilte a bheith glactha ar láimh agus iad a bheith comhtháite sa phlean tionscadail foriomlán	Faoin 1 Iúil 2023
16	Infhaighteacht an bhonneagair agus an bhainistithe bonneagair	Na riachtanais bhonneagair uile a bheith faighte agus a bheith curtha chun feidhme. Gach sócmhainn shainaitheanta e-CODEX a bheith ar fáil agus a bheith curtha ar fáil do eu-LISA.	Na comhpháirteanna uile a bheith ar fáil do na páirtithe leasmhara go léir de réir mar is gá. Maidir leis an mbonneagar forbartha, déanfaidh eu-LISA an bunú agus an oibríocht a dhearbhú.	Faoin 1 Iúil 2023
17	Bainistiú Slándála	Gach riachtanas slándála agus gach moladh a bheith curtha in iúl ag eu-LISA in iúl agus a bheith curtha chun feidhme aige.	Tá an doiciméadacht seo a leanas le cur ar fáil: — Beartas slándála; — Plean Slándála; — Bearta slándála bainistithe úsáideoirí; — Plean Leanúnachais Gnó. Ba cheart do eu-LISA a gcur chun feidhme a dheimhniú.	Faoin 01 Iúil 2023
18	Plean cumarsáide	Ní mór plean cumarsáide a bhunú chun na húsáideoirí agus na geallsealbhóirí go léir a chur ar an eolas faoin athrú atá le teacht ar na soláthraithe seirbhíse agus faoi na bealaí agus na nósanna imeachta cumarsáide nua.	Fógraí a bheith faighte ag gach úsáideoir agus geallsealbhóir ó eu-LISA roimh dheireadh na tréimhse aistrithe/glactha freagrachta chun iad a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta oibre nua: dintiúir, URLanna, suíomhanna gréasáin, uirlis ticéadaithe…	Faoin 1 Iúil 2023

19	Ailíniú deiridh na sonraí	Soláthar deiridh na bearna sna sócmhainní arna soláthar do eu-LISA ag tús phróiseas an aistrithe/an ghlactha freagrachta.	1. An nasc leis na comhpháirteanna riachtanacha go léir a sheiceáil de réir mar a theastaíonn ó na húsáideoirí agus ó na páirtithe leasmhara (freastalaithe inrochtana); 2. An staid dheireanach a iompórtáil; 3. Gach nuashonrú is gá a bheith suiteáilte ar na freastalaithe nuair is infheidhme; 4. Eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX pasfhocail a sholáthar do eu-LISA nuair is infheidhme; 5. An difríocht idir an chéad phacáiste a tugadh do eu-LISA ag tús phróiseas an aistrithe/an ghlactha freagrachta agus ag deireadh an phróisis sin a bheith iompórtáilte sa bhonneagar ábhartha.	An 1 Iúil 2023
20	Comhaontú idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA maidir le cur i gcrích rathúil phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta.	Comhaontú idir an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA maidir le comhlíonadh na gcritéar i ndáil le próiseas aistrithe rathúil agus leis an bpróiseas sin a chur i gcrích go rathúil	Iarraidh comhpháirteach ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus ó eu-LISA ar an gCoimisiún lena dearbhú go bhfuil próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil	Idir an 1 Iúil agus an 31 Nollaig 2023

7. CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA NÓ CEARTA ÚSÁIDE

Tá an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX leis na cearta maoine intleachtúla agus cearta úsáide a bhaineann leis an gcóras e-CODEX agus na táirgí bogearraí tacaíochta, an doiciméadacht tacaíochta agus na sócmhainní eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/850 a aistriú chuig eu-LISA faoi dháta na hiarrata comhpháirtí ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus ó eu-LISA ar an gCoimisiún lena dhearbhú go bhfuil próiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil.

Gheobhaidh eu-LISA na cearta sin saor in aisce agus gan aon teorainn, agus is é eu-LISA an t-aon úinéir amháin a bheidh acu.

Leanfaidh eu-LISA de na comhpháirteanna bogearraí sin agus na leaganacha díobh a bheidh ann ina dhiaidh sin a chur ar fáil faoi Cheadúnas Poiblí an Aontais Eorpaigh (EUPL).

8. AMLÍNE

Déanfar amlíne, a bheidh ag brath ar gach eintiteas a bheith ar fáil (eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA), a athbhreithniú agus a bhailíochtú ag an gcéad chruinniú raon feidhme.

Fad na máistir-ranganna (táscaire):

	Comhpháirt	Tacaíocht aistrithe freagrachta	Fad (táscaire)	Sei-cheamh
Míreanna atá le forbairt agus le hoibriú	Uirlis Bainistíochta Cumraíochta	Doiciméadacht Máistir-rang um an “Uirlis Bainistíochta Cumraíochta”	2 lá	4ú
	An tArdán Lárnach Tástála	Doiciméadacht Máistir-rang um “an Ardán Tástála Lárnach”	2 lá	5ú
	Freastalaí Stóir (faoi láthair: Nexus)	Máistir-rang um “fhorbairt agus bonneagar”	2 lá	6ú
	Freastalaí Lánpháirtíochta (faoi láthair: Jenkins)			
	Stór an Chóid Fhoinsigh (faoi láthair: Gitblit)			
Míreanna atá le forbairt agus le seachadadh	Ailtireacht e-CODEX	Doiciméadacht Máistir-rang um “Fhorbhreathnú ar e-CODEX”	4 lá	1
	Feidhmchlár Cónascaire	Doiciméadacht Máistir-rang um an “gCónascaire”	20 lá	2
	Scéimeanna Cásanna Úsáide:	Doiciméadacht Máistir-rang um “Scéimeanna”	10 lá	3ú

9. **NÍ MÓR DON EINTITEAS A BHAINISTÍONN AN CÓRAS E-CODEX STRUCHTÚR NA TUARASCÁLA AISTRITHE A SHOLÁTHAR.**

Scríobhfar an tuarascáil aistrithe mar achoimre ar na gníomhaíochtaí go léir a rinneadh laistigh de raon feidhme an aistrithe:

(a) Liosta de na sócmhainní agus de na déantáin a cuireadh ar fáil do eu-LISA ag deireadh na tréimhse aistrithe;

(b) tuairisc agus ábhar na gceardlann go léir a eagraítear le linn an aistrithe;

(c) liosta de na cuir i láthair agus de na doiciméid ghaolmhara a tugadh le linn na gceardlann;

(d) liosta de na ceachtanna a foghlaimíodh;

(e) liosta de na saincheisteanna atá ar oscailt ag deireadh an aistrithe;

(f) conclúidí agus ullmhacht eu-LISA.

10. **STRUCHTÚR NA TUARASCÁLA GLACTHA FREAGRACHTA NACH MÓR DO EU-LISA A SHOLÁTHAR**

Is í an tuarascáil glactha freagrachta an ghné is inseachadta ag eu-LISA le linn na céime seo. Beidh sa doiciméad seo, i measc nithe eile, faisnéis faoi na nithe seo a leanas:

(a) Ráiteas maidir le hullmhacht chun an tionscadal a ghlacadh ar láimh;

(b) léiriú, le haghaidh gach próisis, gurb amhlaidh atá eu-LISA faoi réir chun na gníomhaíochtaí a ghlacadh ar láimh;

(c) liostófar sa tuarascáil an plean tástála a chuirtear i bhfeidhm agus torthaí gach tástála. Áireofar leis an gcumhdach tástála na sócmhainní agus na gníomhaíochtaí go léir a dhéanfar le linn na tréimhse sin, agus de réir na gcritéar comhlánaithe a shainítear níos luaithe sa doiciméad seo.

Ba cheart na nithe seo a leanas ar a laghad a bheith i ndoiciméad na tuarascála glactha freagrachta:

(a) Bearta slándála;

(b) Aistriú agus sealbhú eolais:

  (i) Doiciméid a aistriú;

  (ii) Aistriú Sonraí;

  (iii) Aistriú ticéad (ticéid atá dúnta agus ticéid atá ar oscailt);

  (iv) Cruinnithe teicniúla;

  (v) Seisiúin oiliúna;

  (vi) Seisiún praiticiúil;

  (vii) Seisiúin scáthaithe;

  (viii) Más infheidhme, seisiúin chomhthreomhara thrialacha.

(c) An nós imeachta atá i bhfeidhm nuair is infheidhme;

(d) Bailchríoch a chur ar phróiseas an ghlactha freagrachta agus ar ghníomhaíochtaí scoite:

  (i) Nascacht an chórais e-CODEX (is féidir teacht ar na comhpháirteanna uile is gá);

  (ii) Cúltacaí sonraí a bheith ann;

  (iii) Gach nuashonrú is gá a bheith suiteáilte ar na freastalaithe;

  (iv) Aistriú dintiúirí agus pasfhocal.

FOSCRÍBHINN

STRUCHTÚR AN DOICIMÉID AISTRITHE COITEANN

Loga athraithe an doiciméid

Eagrán	Dáta eisiúna		Míreanna modhnaithe	Modhnuithe

CLÁR NA N-ÁBHAR

1. DOICIMÉID TAGARTHA AGUS DOICIMÉID IS INFHEIDHME 51
1.1. Doiciméid Tagartha 51
1.2. Doiciméid is Infheidhme 51
2. TÉARMAÍOCHT 51
2.1. Giorrúcháin agus acrainmneacha 51
3. RÉAMHRÁ 51
3.1. Cuspóir an Doiciméid 51
3.2. An Spriocphobal 51
4. TOIMHDÍ AGUS RIOSCAÍ 52
4.1. Toimhdí agus Réamhriachtanais 52
4.2. Rioscaí 52
5. CUR CHUIGE AN AISTRITHE AGUS AN GLACTHA FREAGRACHTA 52
5.1. Cruinniú tosaigh 52
5.2. Cruinnithe sioncrónaithe 52
5.3. Plean aistrithe 52
5.4. Aistriú Tosaigh na sócmhainní 53
5.4.1. Feidhmchláir 53
5.4.2. Doiciméadacht 53
5.4.3. Nósanna imeachta 53
5.4.4. Riaráiste (Iarratas ar Athrú, Ticéid, Saincheisteanna, etc…) 53
6. AISTRIÚ DEIRIDH NA SÓCMHAINNÍ 53
6.1. Feidhmchláir 53
6.2. Doiciméadacht 53
6.3. Nósanna imeachta 53
6.4. Riaráiste (Iarratas ar Athrú, Ticéid, Saincheisteanna, etc.) 53
7. AISTRIÚ EOLAIS 53
8. SONRAÍ TEAGMHÁLA AN AISTRITHE 53
9. SONRAÍ TEAGMHÁLA AN GLACTHA FREAGRACHTA 53
10. RIACHTANAIS BHONNEAGAIR EU-LISA 53
10.1. Feidhmchláir 53
10.2. Riachtanais Crua-earraí / an Chórais 54
10.3. COTS (táirge le ceannach i siopa) 54

11. CEANGLAIS SLÁNDÁLA 54
12. SCEIDEAL NA gCEARDLANN 54
12.1. Ceardlann ghinearálta faoi gach seirbhís 54
12.2. An Deasc Chabhrach agus Ceardlanna Oibríochtaí 54
12.3. Ceardlanna Suiteála agus Tástála 54
12.3.1. Suiteálacha 54
12.3.2. Tástáil 55
12.3.3. Ceardlanna ar ábhair eile 55
12.3.4. Ceisteanna agus Freagraí agus Ceardlanna Scáthaithe 55
13. CRITÉIR MAIDIR LE PRÓISEAS RATHÚIL AISTRITHE AGUS MAIDIR LEIS AN bPRÓISEAS SIN A CHUR I GCRÍCH GO RATHÚIL 55
14. TRÉIMHSE SCÁTHAITHE, AISTRIÚ FREAGRACHTA AGUS TRÉIMHSE IARCHÚRAIM 55
15. PLEANÁIL 55
15.1. Pleanáil Ardleibhéil 55
15.2. Pleanáil Mhionsonraithe 55
16. PLEAN TÁSTÁLA GLACTHA FREAGRACHTA 55
17. ÁBHAR AISTRITHE 56
18. FORÁLACHA MAIDIR LE CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA AGUS CEARTA ÚSÁIDE 56

Tábla na dTáblaí (roghnach)

Tábla 1: Doiciméid Tagartha
Tábla 2: Doiciméid is Infheidhme
Tábla 3: Giorrúcháin agus Acrainmneacha

Nóta: Ní thugtar an téacs a cuireadh isteach sna ranna doiciméid seo a leanas ach mar shampla chun críocha soiléirithe. Féadfaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus foirne eu-LISA a struchtúr a oiriúnú de réir mar is gá chun a ngníomhaíochtaí a dhéanamh, ar choinníoll go bhfuil faisnéis mhionsonraithe ann maidir leis na míreanna a liostaítear i roinn 3 den Iarscríbhinn.

1. DOICIMÉID TAGARTHA AGUS DOICIMÉID IS INFHEIDHME

1.1. Doiciméid Tagartha

Aitheantas	Teideal	Tagairt	Leagan

Tábla 1: Doiciméid Tagartha

1.2. Doiciméid is Infheidhme

Aitheantas	Teideal	Tagairt	Leagan

Tábla 2: Doiciméid is Infheidhme

2. TÉARMAÍOCHT

2.1. Giorrúcháin agus acrainmneacha

Giorrúchán Nó Acrainm	An chiall atá i gceist

Tábla 3: Giorrúcháin agus Acrainmneacha

3. RÉAMHRÁ

3.1. Cuspóir an Doiciméid

[Tá sé de chuspóir ag an doiciméad seo tuairisc a thabhairt ar an gcur chuige a chuirfear i bhfeidhm le haghaidh phróiseas aistrithe agus glactha freagrachta an Chórais e-CODEX. Cumhdaítear leis an aistriú agus an glacadh freagrachta aistriú na ndoiciméad agus na bpacáistí iarrataí uile chomh maith le haistriú eolais ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX chuig eu-LISA.]

3.2. An Spriocphobal

[Liosta den spriocphobal atá le cur isteach sa roinn seo]

4. TOIMHDÍ AGUS RIOSCAÍ

4.1. Toimhdí agus Réamhriachtanais

[Toimhdí agus réamhriachtanais arna sainaithint ag an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA araon, ní mór iad a shainaithint agus a liostú go soiléir sa roinn seo]

4.2. Rioscaí

[Déanfaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA na bearta uile is gá chun go n-éireoidh le próiseas an aistrithe agus an glactha freagrachta agus chun go maolófar rioscaí. Déanfar aon riosca nach féidir a mhaolú agus a dhéanann difear do thoradh phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún a luaithe is féidir.]

Riosca	Úinéir Riosca	Maolú

5. CUR CHUIGE AN AISTRITHE AGUS AN GLACTHA FREAGRACHTA

[Tá sé mar sprioc ag an Aistriú:

— Aistriú fisiciúil a dhéanamh ar an ábhar go léir is gá (pacáistí bogearraí, doiciméadacht, ticéid, etc.);

— Eolas ar fheidhmchlár a aistriú trí cheardlanna oiliúna agus scáthú;

— Eolas oibríochtúil a aistriú trí cheardlanna oiliúna agus scáthú;

— An fhreagrachta a aistriú ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX chuig eu-LISA le haghaidh na seirbhísí uile;

I gcás na ngníomhaíochtaí glactha freagrachta, is é an cuspóir atá ann aistriú agus sealbhú eolais a dhéanamh tríd an méid seo a leanas:

— Rannpháirtíocht i seisiúin aistrithe eolais, tacaíochta agus oiliúna arna dtabhairt ag an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX;

— Anailís agus measúnú ar stádas agus inúsáidteacht na faisnéise a ghlacfar ar láimh. Má mheastar gur gá feabhsuithe a dhéanamh ar aon fhaisnéis, cuirfear an méid sin in iúl don Choimisiún;

— Eagrú, faireachán agus mionchoigeartú i leith reáchtáil chomhthreomhar (thrialach) an tionscadail más infheidhme;

— Rannpháirtíocht i gcruinnithe teicniúla *ad hoc* leis an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX;

— Na sonraí a ullmhú, a chomhtháthú agus a uaslódáil in uirlisí eu-LISA.]

5.1. Cruinniú tosaigh

[Cuirtear tús le gach gníomhaíocht aistrithe agus glactha freagrachta le cruinniú tosaigh leis na páirtithe uile lena mbaineann. Cuirfear na róil agus na freagrachtaí agus an phleanáil ardleibhéil i láthair le linn an chruinnithe seo.]

5.2. Cruinnithe sioncrónaithe

[Tionólfar cruinnithe comhordaithe bainistíochta rialta (gach 2 sheachtain) leis na páirtithe uile chun obair leantach a dhéanamh ar stádas na ngníomhaíochtaí aistrithe agus glactha freagrachta agus chun gur féidir leis an eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX agus eu-LISA a ngníomhaíochtaí a shioncronú.]

5.3. Plean aistrithe

[Tá tuairisc ar na gníomhaíochtaí Aistrithe go léir sa phlean aistrithe, i.e. an doiciméad seo.]

5.4. **Aistriú Tosaigh na sócmhainní**

Tá sé beartaithe aistriú tosaigh a dhéanamh maidir leis an ábhar uile beartaithe ag tús phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta. D'áireofaí leis sin an méid seo a leanas ar a laghad: an leagan is déanaí de phacáistí na bhfeidhmchlár (lena n-áirítear doiciméadacht), bogearraí nuashonraithe agus fardal doiciméadachta, agus asbhaint as bunachar sonraí na dticéad (nó formáid eile).]

5.4.1. ***Feidhmchláir***

[Tá liosta de na sócmhainní atá le seachadadh le cur isteach anseo]

5.4.2. ***Doiciméadacht***

[Tá liosta de na sócmhainní atá le seachadadh le cur isteach anseo]

5.4.3. ***Nósanna imeachta***

[Tá liosta na sócmhainní atá le seachadadh le cur isteach anseo]

5.4.4. ***Riaráiste (Iarratas ar Athrú, Ticéid, Saincheisteanna, etc…)***

[Tá liosta de na sócmhainní atá le seachadadh le cur isteach anseo]

6. **AISTRIÚ DEIRIDH NA SÓCMHAINNÍ**

[Ar aistriú na freagrachta, soláthróidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX leagan deiridh (nuashonraithe) d'aon sócmhainn a modhnaíodh le linn na tréimhse aistrithe agus glactha freagrachta chomh maith le hasbhaint nua den bhunachar sonraí ticéad (nó formáid eile).]

6.1. **Feidhmchláir**

[Tá liosta de na sócmhainní atá le seachadadh le cur isteach anseo]

6.2. **Doiciméadacht**

[Tá liosta de na sócmhainní atá le seachadadh le cur isteach anseo]

6.3. **Nósanna imeachta**

[Tá liosta na sócmhainní atá le seachadadh le cur isteach anseo]

6.4. **Riaráiste (Iarratas ar Athrú, Ticéid, Saincheisteanna, etc.)**

[Ta liosta de na sócmhainní atá le seachadadh le cur isteach anseo]

7. **AISTRIÚ EOLAIS**

[Is le linn roinnt ceardlann agus seisiún scáthaithe a tharlaíonn le linn thréimhse an aistrithe agus an ghlactha freagrachta a aistrítear eolas an eintitis a bhainistíonn an córas e-CODEX. Áiritheoidh an cur chuige sin agus an tacaíocht le linn na tréimhse iarchúraim go n-aistreofar eolas na n-oibríochtaí ina iomláine.

Beidh na ceardlanna uile bunaithe ar chur i láthair/doiciméid thiomnaithe ar baineadh úsáid astu i seisiúin oiliúna roimhe seo nó a shaincheap an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX. Cuirtear na cuir i láthair ar fáil do eu-LISA seachtain amháin roimh gach ceardlann.]

8. **SONRAÍ TEAGMHÁLA AN AISTRITHE**

[Cuir isteach sonraí teagmhála anseo]

9. **SONRAÍ TEAGMHÁLA AN GLACTHA FREAGRACHTA**

[Cuir isteach sonraí teagmhála anseo]

10. **RIACHTANAIS BHONNEAGAIR EU-LISA**

10.1. Feidhmchláir

10.2. Riachtanais Crua-earraí/an Chórais

10.3. COTS (táirge le ceannach i siopa)

11. **CEANGLAIS SLÁNDÁLA**

[Sa roinn seo, ba cheart tuairisc a thabhairt ar na bearta atá le cur i bhfeidhm ag eu-LISA chun na nithe seo a leanas a chumhdach:

— Bainistíocht slándála fhoriomlán ar leibhéal an tionscadail;

— Bainistíocht slándála ar leibhéal an chórais lena gcumhdaítear na bearta slándála ar leibhéal an chórais e-CODEX ina iomláine agus a chomhpháirteanna uile, lena n-áirítear an bonneagar,

— Bainistíocht slándála ar leibhéal an fheidhmchláir lena gcumhdaítear na feidhmchláir a thagann faoi raon feidhme ghníomhaíochtaí eu-LISA;

— Bainistíocht slándála ar leibhéal an líonra;

— Próisis agus nósanna imeachta bainistíochta úsáideoirí chun liosta na n-úsáideoirí údaraithe, dintiúir úsáideoirí, cearta rochtana agus údaruithe a bhainistiú, a nuashonrú agus a chothabháil.

Ina theannta sin, agus má iarrtar sin air, ba cheart do eu-LISA a bheith in ann na doiciméid seo a leanas a sholáthar:

— Beartas slándála;

— Plean slándála;

— Bearta slándála bainistithe úsáideoirí;

— Plean leanúnachais gnó lena n-áirítear ceanglais DRP "Téarnamh Tubaiste".]

12. **SCEIDEAL NA gCEARDLANN**

12.1. **Ceardlann ghinearálta faoi gach seirbhís**

[Dáta	Cuir isteach Dáta
Fad	Cuir isteach Fad
Suíomh	Cuir isteach Suíomh
Spriocphobal	An uile cheann
Raon feidhme	Feidhmchláir agus seirbhísí uile e-CODEX a thabhairt isteach agus forbhreathnú feidhmiúil a dhéanamh orthu.]

12.2. **An Deasc Chabhrach agus Ceardlanna Oibríochtaí**

[Dáta	Cuir isteach Dáta
Fad	Cuir isteach Fad
Suíomh	Cuir isteach Suíomh
Spriocphobal	Foireann na Deisce Cabhraí
Raon feidhme	Tacaíocht, láimhseáil teagmhas, tuairisciú, fógraí, bainistíocht slándála…]

12.3. **Ceardlanna Suiteála agus Tástála**

12.3.1. ***Suiteálacha***

[Dáta	Cuir isteach Dáta
Fad	Cuir isteach Fad
Suíomh	Cuir isteach Suíomh
Spriocphobal	Foireann theicniúil
Raon feidhme	suiteálacha scaoilte agus paistí]

12.3.2. ***Tástáil***

[Dáta	Cuir isteach Dáta
Fad	Cuir isteach Fad
Suíomh	Cuir isteach Suíomh
Spriocphobal	Foireann tástála
Raon feidhme	tástáil na bhfeidhmchlár go léir]

12.3.3. ***Ceardlanna ar ábhair eile***

[Dáta	Cuir isteach Dáta
Fad	Cuir isteach Fad
Suíomh	Cuir isteach Suíomh
Spriocphobal	Ad-Hoc
Raon feidhme	Gach mír atá fágtha]

12.3.4. ***Ceisteanna agus Freagraí agus Ceardlanna Scáthaithe***

[Dáta	Cuir isteach Dáta
Fad	Cuir isteach Fad
Suíomh	Cuir isteach Suíomh
Spriocphobal	Ad-Hoc
Raon feidhme	Ag brath ar an ábhar atá faoin raon feidhme]

13. **CRITÉIR MAIDIR LE PRÓISEAS RATHÚIL AISTRITHE AGUS MAIDIR LEIS AN bPRÓISEAS SIN A CHUR I GCRÍCH GO RATHÚIL**

[Le liostú i gcomhréir leis na critéir a luaitear i gCaibidlí 5 agus 6 den Iarscríbhinn agus sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (AE) 2022/850 ([2]).]

14. **TRÉIMHSE SCÁTHAITHE, AISTRIÚ FREAGRACHTA AGUS TRÉIMHSE IARCHÚRAIM**

15. **PLEANÁIL**

15.1. **Pleanáil Ardleibhéil**

[Is féidir gur léaráid le garspriocanna tábhachtacha a bheidh anseo]

15.2. **Pleanáil Mhionsonraithe**

[I bhfoirm comhad mpp]

16. **PLEAN TÁSTÁLA GLACTHA FREAGRACHTA**

[Is éard atá i gceist le raon feidhme an phróisis tástála cásanna tástála a chur i bhfeidhm, ar cásanna tástála iad a ullmhaítear chun a chruthú go bhfuarthas an t-eolas gnó agus go bhfuiltear ullamh do na gníomhaíochtaí a bheartaítear a ghlacadh ar láimh.

([2]) Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 150, 1.6.2022, lch. 1).

Déanfar gach cás tástála a shannadh d'fhoireann shonrach/d'fhoirne sonracha, beidh ar bhall/baill de gach foireann comhoibriú chun céimeanna sonracha a chur i gcrích. Is é cúram an tSeiceadóra Tástála na cásanna tástála a shainítear sa phlean tástála sin a chur i gcrích, agus toradh gach cáis tástála a léirmhíniú agus a dhoiciméadú.

Sainmhínítear na critéir inghlacthachta san Iarscríbhinn.

Gach mír a liostaítear i gcur chuige an aistrithe agus an ghlactha freagrachta, ba cheart na cásanna tástála iad a chumhdach.

Le linn phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta féadfar an Plean Tástála a fheabhsú dá réir agus féadfar Cásanna Tástála mionsonraithe a chur leis más gá.

Sa tuarascáil tástála, liostófar toradh gach tástála.]

17. **ÁBHAR AISTRITHE**

[Liosta mionsonraithe den ábhar a shainaithnítear laistigh de raon feidhme an aistrithe agus an ghlactha freagrachta, agus a chuirfear ar fáil do eu-LISA.]

18. **FORÁLACHA MAIDIR LE CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA AGUS CEARTA ÚSÁIDE**

[Ráiteas uileghabhálach ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX maidir le cearta maoine intleachtúla agus úsáide i dtaca le gach comhpháirt den chóras e-CODEX agus na táirgí bogearraí tacaíochta, an doiciméadacht tacaíochta agus na sócmhainní eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/850.

Dearbhú ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX go bhfuil sé féin agus a chomhaltaí in ann na cearta maoine intleachtúla agus na cearta úsáide uile a luaitear thuas a aistriú go dleathach chuig eu-LISA ar bhealach a chuirfidh ar chumas eu-LISA a fhreagrachtaí a chur i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/850.